

Splańc

2022-2023

Caibidil 1



Cúinne na Gramadaí

An focal DÉAG

Leid

- Cuirtear **séimhiú** ar *déag* nuair a leanann sé **guta**.

ceithre bhosca *dhéag*
sé mhíle *dhéag*
seacht líne *dhéag*
ocht ngrúpa *dhéag*
ceithre oíche *dhéag*
trí chaora *dhéag*

- Ní bhíonn aon **séimhiú** ar *déag* nuair a leanann sé **consan**.

trí fhuinneog *déag*
sé chathaoir *déag*
seacht dteilifís *déag*
naoi mbileog *déag*
cúig chapall *déag*
ocht n-iasc *déag*

- Is eisceachtaí iad na focail, **bliain**, **seachtain**, **orlach** agus **uair**.

trí bliana *déag*
ceithre seachtaine *déag*
ocht n-orlaí *déag*
sé huaire *déag*

Obair duit!

Athscríobh na leaganacha seo thíos i bhfoirm focal. (Freagraí ar an leathanach deireanach)

- 13 (carr)
- 16 (post)
- 12 (féasta)
- 17 (aiste)
- 11 (madra)
- 17 (mála)
- 14 (duine)
- 15 (éan)
- 18 (teach)
- 19 (asal)



Orduimhreacha

Nóta:

Bíonn **séimhiú** ar an bhfocal **céad** (first) i gcónaí – mar shampla, an **chéad** **chaibidil** nó na **chéad** **chaibidlí**.

Ainmfhocail a thosaíonn ar chonsan

- (1ú) an chéad **chailín**
- (2ú) an dara **cailín**
- (3ú) an tríú **cailín**
- (4ú) an ceathrú **cailín**
- (5ú) an cúigiú **cailín**
- (6ú) an séú **cailín**
- (7ú) an seachtú **cailín**
- (8ú) an t-ochtú **cailín**
- (9ú) an naoú **cailín**
- (10ú) an deichiú **cailín**



Ainmfhocail a thosaíonn ar ghuta

- (1ú) an chéad **urlár**
- (2ú) an dara **hurlár**
- (3ú) an tríú **hurlár**
- (4ú) an ceathrú **hurlár**
- (5ú) an cúigiú **hurlár**
- (6ú) an séú **hurlár**
- (7ú) an seachtú **hurlár**
- (8ú) an t-ochtú **hurlár**
- (9ú) an naoú **hurlár**
- (10ú) an deichiú **hurlár**

Obair duit!

Athscríobh na leaganacha faoi chló trom thíos i bhfoirm focal. (Freagraí ar an leathanach deireanach)

- 1 Chríochnaigh Theo sa (1ú) áit sa rás.
- 2 Bhuaigh Nóra an (3ú) duais sa chomórtas iascaireachta.
- 3 D'éirigh le Treasa an (2ú) áit a bhaint amach sa chomórtas amhránaíochta.
- 4 Ba é an tUasal Mac Suibhne an (7ú) **múinteoir** Gaeilge a bhí againn i mbliana!
- 5 Tháinig Ronaldo ar ais go Manchester United den (2ú) **uair** sa bhliain 2021.



Dialann mhachnaimh



An Uimhir a Dó

Bí ag faire amach ar an uimhir a **dó**. Tá ceithre leagan ann! **dó, dhá, dara** agus **beirt**!

- **Ag comhaireamh**

A haon, a dó, a trí...

Seomra a dó

A dó agus a dó – sin a ceathair!

- **2 + ainmfhocal**

Dhá chathaoir

Dhá lá ó shin

Tá dhá sheomra sa teach seo.



- **2 duine (beirt + an ginideach iolra)**

Beirt mhac

Tá beirt deartháireacha agam.

Níor tháinig ach beirt ar ais go fóill.

- **2 in ord**

An dara háit
Osclaíodh an dara
siopa inné. Fuair
Ciarraí an lámh in
uachtar ar Bhaile
Átha Cliath sa
dara leath.



Bígí ag gáire!



I dtrioblóid?

Pól: A mhúinteoir, an mbeadh dalta i dtrioblóid faoi aon rud nach ndearna sé féin?

Múinteoir: Ní bheadh, a Phóil. Cinnte, ní bheadh!

Pól: Buíochas le Dia, a mhúinteoir! Ní dhearna mise m'obair bhaile aréir.

Uachtar reoite

Ceist: Cá dtéann duine chun ceachtanna a fháil maidir le conas uachtar reoite a dhéanamh?

Freagra: Scoil Sundae!



- Shiúil fear isteach sa teach tábhairne.
Ouch!
- Uaireanta ceapaim gur mhaith liom a bheith i m'fhón póca, mar chuirfeadh duine éigin SIM ionam agus labhródh daoine liom ansin!
- Cén fáth ar éirigh chomh maith sin le *Thomas the Tank Engine* agus é ar scoil? Dhéanadh sé **tréaniarracht** i gcónaí!
- Má chuireann tú nóta fiche euro in uisce, an airgead tirim fós é?
- Ar chuala tú faoin gclub CLG i mBaile Átha Cliath a bhfuil Craobh na hÉireann buaite cúpla uair acu?
Cuala!

Brónach nó Greannmhar?

Shéid gaoth fhuar agus dhamhsaigh na duilleoga go fíochmhar thart ar rúitíní an tseanduine a bhí cromtha in aice an dorais. Ba bheag teas a thug a chóta dó agus é crochta thart ar a ghuaillí. Shín sé amach a lámh ag iarraidh déirce. Rinne sé gach iarracht cúpla cent a fháil ó na strainséirí a bhí ag siúl anonn is anall thairis.



Bhí deifir ar gach duine – agus iad beag beann ar an seanfhear. Níor ith sé tada le dhá lá agus bhí sé stiúgha leis an ocras.

Go tobann, ardaíodh a chroí is a anam nuair a chonaic sé cúpla bonn airgid ag titim gar dá chosa. Phioc sé suas an t-airgead go tapa. Chas sé na boinn timpeall ina dhá láimh. Ba leor an t-airgead sin le cupán tae agus greim le hithe a fháil dó féin. Tharraing sé é féin aníos den chosán agus d'imigh láithreach bonn go doras an tsiopa a bhí in aice leis.



Dhoirt teas agus solas amach doras an tsiopa. Isteach leis agus ba mhór an sult a bhain sé as an tonn teasa a bhuail é ar a bhealach isteach. D'fhéach an bhean taobh thiar den chuntar amach air.

“Cad ba mhaith leat?” ar sise go gonta.

“Cupán tae agus ceapaire sicín, le do thoil,” a d'fhreagair an fear.

Chas sé thart agus d'fhéach amach an fhuinneog nuair a bhí an bhean i mbun a cuid oibre taobh istigh den chuntar. Stop sé.

Thug sé cailín óg faoi deara – a haghaidh brúite in aice na fuinneoge aici. Bhí a cuid gruaige stothallach, a lámha salach agus a cuid éadaigh ar crochadh mar chuirtníní ar a corp beag óg. Chonaic an seanfhear na ciorcail dhiorcha faoina súile agus níor thaitin dath liath a craicinn leis in aon chor.

“Sin ceithre euro agus caoga cent,” arsa an bhean go borb.

Thug sise an t-airgead dó.



D'fhéach sé ar ais i dtreo na fuinneoge agus chonaic sé an cailín óg ar crith leis an bhfuacht arís. D'imigh sé leis amach as an siopa agus labhair leis an gcailín.

“Tá tú préachta leis an bhfuacht,” ar seisean.

Ní dúirt sise tada.

“Seo duit,” ar seisean agus an ceapaire á thabhairt aige di. “Tá sé de dhíth ort níos mó ná mar atá sé de dhíth ormsa.”

Chaith an cailín súil ar an mála, shín amach a lámh agus rug air.

“Go raibh maith agat, a dhuine uasail,” a dúirt sí agus rith sí léi.

D’fhéach an seanfhear uirthi go sona sásta.

“Haigh a Úna! Cá raibh tú?” a bhéic a buachaill léi. “Cad é sin i do lámh?”

“Thug seanfhear an ceapaire seo dom mar nár theastaigh sé uaidh.”

D’oscail sí an ceapaire agus scrúdaigh é. “Sicín lofa! Is fuath liom sicín!” ar sise – agus chaith sí an ceapaire isteach sa bhosca bruscair.

“Tá mé lán go béal ar aon nós,” ar sise. “Tá an iomarca milseán ite agam tráthnóna!”

“Goitse,” arsa an fear óg. “Nílimid críochnaithe ag imirt *bob nó bia* fós. Dála an scéil, is aoibhinn liom do chuid éadaigh. Tá cuma leathmharbh ort!”

Shéid gaoth fhuar agus dhamhsaigh na duilleoga go fíochmhar thart ar rúitíní an tseanfhir a bhí cromtha in aice an dorais. Bhí deifir ar gach duine – agus iad beag beann air.

Gluais

rúitín = **murnán** *ankle*

déirc = **carthanacht alms**, *charity*

suntasach = **an-suimiúil** *remarkable* **gonta** *terse*

stothallach *unkempt, matted*

lofa = **uafásach** *rotten*

goitse = **gabh anseo** *come on*

bob nó bia *trick or treat*

Tascanna beaga duit!

- 1 An scéal brónach nó greannmhar é seo?   Scriobh alt gairid mar fhreagra. Bíodh dhá chúis agat leis an tuairim atá agat.
- 2 Tá roinnt focal ón scéal i bhfolach sa liosta faoi chló iodálach thíos. Oibrigh amach iad agus scríobh abairt ghairid ag baint úsáide as gach ceann díobh.

únriút chfríomah drífie
nbno reiapace ísinc

Geit istoíche!

Mí Mheán Fómhair 2022 a bhí ann agus mé ag fanacht i dteach m’aintín i gCinn Mhara, áit bheag cois farraige. Is mise Ruán Ó Néill agus is as Contae Laoise mé.



Nuair a chuaigh mo thuismitheoirí chuig bainis i Londain, thug m’aintín, Nóra, cuireadh domsa fanacht léi agus seal a chaitheamh ag spraoi le mo chol ceathracha, Liam agus Ciarán.

Ar an Satharn chaitheamar triúr an lá ag spraoi ar an trá agus bhíomar tuirseach traochta nuair a shroicheadh an teach um thráthnóna. Thart ar a deich a chlog chuamar a luí – agus níorbh fhada gur thit codladh orainn.



Go tobann dúisíodh mé! Torann éigin thíos staighre? Léim mé amach as an leaba agus d’fhéach mé thart orm. Bhí Liam fós ag srannadh ina leaba.

Amach liom go mall faiteach go barr an staighre. Síos liom go dtí an póirse. Cad a chonaic mé as eireaball mo shúl ach duine éigin ag útamáil sa chistin! Gadaí! Geansaí, bríste dubh. lámhainní agus masc air.



Ba mhór an gheit a baineadh asam agus scread mé in ard mo ghutha! Chas an gadaí agus thug sé na cosa leis amach an doras cúil. Mhóthaigh mé lámh m'aintín ar mo ghualainn agus chiúnaigh mé beagán. Thug m'uncail, Pádraig, cupán tae dom, ach bhí crith cos agus lámh orm ar feadh uair an chloig ina dhiaidh sin.

Tháinig na Gardaí ar an bhfód faoi luas agus rinne siad fiosruithe. Níorbh fhada gur rugadh ar an ngadaí.

Maidir liom féin, níor chodail mé néal an oíche sin agus chaith mé an Domhnach ar fad cois teallaigh ag breathnú ar an teilifís.

istoiche = san oíche **srann** *snore*

faiteach = eaglach **útamáil = fústráil** *fumbling*

teallach = tintéan *hearth*

eireaball mo shúl *the corner of my eyes*

Ríomhphost chuig cara!

Hi, a Róisín!

Tá súil agam go bhfuil tú go maith thíos ansin i gCorcaigh.

Tá an saol i mBaile Átha

Cliath maith go leor. Ar

ndóigh, táimid ar ais ar scoil arís.

Nuair a shuím ag bun an tseomra ranga ag éisteacht leis an múinteoir, an bháisteach ag cnagadh ar na fuinneoga, dúnaim mo shúile agus fillim ar laethanta órga an tsamhraidh. Nach raibh sé go hiontach a bheith saor ón staidéar ar feadh tamaill? Agus an aimsir chomh deas sin!

Céard a rinne sibhse? An ndeachaigh sibh ar saoire thar lear? D'fhanamar féin sa bhaile. Bhí praghsanna bia is lóistín an-ard go deo agus, dáiríre, ní raibh na pingíní againn le hóc as saoire. Ach thugamar cuairt ar roinnt suíomhanna



stairiúla. Ní dheachamar rófhada ón gcathair, áfach, mar bhí praghas an pheitрил ró-ard!



É sin ráite. bhí samhradh aoibhinn againn – agus bhuaill mé féin le buachaill an-deas! Vadim is ainm dó agus is as an Úcráin é. Nuair a bhris an cogadh amach, bhí air féin agus ar a mhuintir teitheadh ó bhaile.

Tháinig siad go hÉirinn agus fuair siad lóistín ar feadh tamaill i halla pobail. Tá árasán dá gcuid féin anois acu i dtuaisceart na cathrach. Is buachaill an-chneasta é Vadim agus réitimid go hiontach le chéile.

Cuir glao orm nó seol ríomhphost chugam nuair a bheidh deis agat, le do thoil. Idir an dá linn, tabhair aire mhaith duit fein! Slán tamall!

Áine.

órga *golden*

suíomh = láthair, ionad *site*
deis = seans

Athrú aeráide



Pól

Tá na hathruithe móra san aimsir ag cur imní orm, a Dheasúin! Tá an teocht ag dul in airde, an bháisteach ag éirí níos troime

Deasún agus an ghaoth ag éirí níos láidre.
Tuigim. a Phóil. Ach cén fáth a bhfuil tú chomh buartha sin?

Pól Muise, a Dheasúin, sílim go bhfuilimid go léir i mbaol! Tá an t-ardú teochta agus leibhéil na bhfarraigí ag déanamh an-damáiste don domhan.

Deasún Léigh mé féin le déanaí go bhfuil na billiúin daoine ina gcónaí in áiteanna a bheidh buailte go dona go luath. Sin daichead faoin gcéad de dhaonra an domhain, a mhac!

Pól Tá a fhios agam, a Dheasúin. Agus tá daoine ag fáil bháis mar gheall ar an teas agus ar thruailliú an aeir freisin.

Deasún Agus chuala mé ar an nuacht go bhfuil ganntanas bia agus uisce ag leathnú ó thíir go tír. Tá daoine ag fáil bháis den ghorta inniu! Cad is féidir linn a dhéanamh faoi?

Pól Bhuel, is gá dúinn gearradh siar go mór ar an úsáid a bhainimid as peitreal, díosal agus gás.

Deasún Tá sé in am dúinn rud éigin a dhéanamh faoi, nach bhfuil?

Pól Tá an ceart ar fad agat.

Deasún Beidh an t-aos óg ag fulaingt sna blianta atá romhainn amach, gan dabht!

teocht *temperature*

teith = éalaigh *flee* **aeráid** *climate*

truailliú *pollution* **a mhac (Conamara) = a mhic**

An Bheach – Cara na nGael



Chreid muintir na hÉireann fadó go raibh críonnacht agus naofacht ag baint le beacha.

Thugadh beacha mil agus céir dóibh – agus thaitníodh an mhil agus an mheá mhilis go mór leis na manaigh ina saol laethúil.

Tá scéalta ann a léiríonn go raibh beacha ar fud na tíre breis agus míle bliain ó shin. Nuair a bhí Naomh Ciarán ó Chluain Mhic Nóis ina bhuachaill óg, d'iarr a mháthair air mil a thabhairt abhaile ón gcíor mheala. Céard a rinne Ciarán ach dul chuig fuarán agus canna a líonadh le huisce! Bheannaigh sé an t-uisce agus rinneadh mil de! Nuair a d'inis sé an scéal dá mháthair, thuig sise den chéad uair go raibh mac an-speisialta aici.



Tá baint ag beacha, sa traidisiún gaelach, le scata naomh. Mar shampla, d'oibrigh Naomh Gobnait, ó Bhaile Bhuirne, Contae Chorcaí, mar bheachaire agus bhaineadh sí úsáid as mil chun créachta agus galair a leigheas. Tá scéal an-suimiúil ann fúithi, a deir gur tháinig robálaithe isteach sa cheantar lá chun ba a ghoid. Scaoil Gobnait scaoth beach amach as na coirceoga go léir agus chuir na beacha an ruaig ar na robálaithe!

Is leagan gaelach í Gobnait den ainm Eabhraise, *Deborah*. Ciallaíonn *Deborah* beach mheala. Taobh amuigh den mhil, bhíodh tábhacht ag baint le céir bheach i saol na ndaoine. Bhaineadh sagairt úsáid as an gcéir chun coinnte a dhéanamh don altóir, go háirithe um Cháisc. Thugadh na coinnte solas geal uathu le linn an Aifrinn.

Bailíonn beacha neachtar ó bhláthanna le linn an tsamhraidh. Mar sin, tá sé an-tábhachtach bláthanna a bheith ann dóibh. Ná lomtar an féar sa ghairdín rómhinic nó imeoidh na beacha leo!

críonnacht = gaois *wisdom* mil *honey*
 meá *mead* céir *wax* manach = bráthair *monk*
 cíor mheala *honeycomb* fuarán = tobar
 beachaire = coimeádaí beach *bee-keeper*
 créacht *wound* cneasaigh = leigheas
 scaoth = saithe *swarm* coirceog *hive*
 Eabhrais *Hebrew*

Obair duit!

- Téigh ar an idirlíon agus déan taighde ar bheacha in Éirinn.
- Tarraingí pictiúr de bheach.
- Faigh amach, ón idirlíon, na fáthanna a bhfuil beacha i mbaol ar fud an domhain.

Tá mé réidh!



Rugadh an t-imreoir sacair, Jessica Ziu, i bhFionnghlas, Baile Átha Cliath. Is as an Albáin a hathair, ach tá sí féin an-bhródúil as a háit dúchais, Éire. D'imríodh si le *Shelbourne United*, ach tá sí anois ag imirt go lánaimseartha le *West Ham United*.

D'imir sí ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann faoi 15 nuair nach raibh sí ach dhá bhliain déag d'aois! Cé go bhfuil an ceadúnas tiomána faighte aici cheana féin, taistealaíonn sí ó áit go háit ar e-sciútar ar shráideanna London!



Ní bhíonn uaigneas d'aon sórt uirthi, mar bíonn *WhatsApp*, *FaceTime* agus *Zúm* ar fáil go héasca – agus níl Londain ach uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil a tuistí, a deartháireacha agus a deirfiúracha.

Imríonn sí i bPríomhshraith na mBan agus gan í ach scór bliain d'aois! Ar ndóigh, d'fhéadfadh Jessica imirt ar fhoireann na hAlbáine toisc gur Albánach é a hathair, ach tá sí dílis d'Éirinn!

Guímid gach rath ar Jessica ina saol le *West Ham*!

tuiste = tuismitheoir scór = fiche

breisoideachas *further education*

An Albáin *Albania*

Obair duit!

- Lig ort gur tusa Jessica Ziu. Scríobh ríomhphost chuig do dheirfiúr faoin saol i Londain.
- Téigh ar an idirlíon agus faigh roinnt eolais faoi *West Ham United FC*. Scríobh alt gairid faoi sin agus léigh amach don rang é.
- Cén chluiche is fearr leat féin? Scríobh leathanach faoin gcluiche sin agus inis don rang faoi.

Sean O'Casey, Drámadóir

Rugadh Sean O'Casey i Sráid Dorset, Baile Átha Cliath i mí an Mhárta 1880. Ní raibh sé ach sé bliana d'aois nuair a cailleadh a athair. Fágadh clann trí dhuine dhéag ina dhiaidh agus ba mhór an tubaiste é sin dóibh. Bhí cónaí orthu in árasán suarach agus iad ar mhullach a chéile in aon seomra amháin.

Ba dheacair don mháthair bia a chur ar an mbord – agus bhí an tsláinte go dona ag Sean féin agus é óg. Bhíodh sé as láthair go minic ón scoil toisc é a bheith sé lag agus tinn.



Ba bhuacaill cliste é, áfach, agus bhí léamh agus scríobh aige sula raibh sé trí bliana déag d'aois. Thosaigh sé ag obair ar na bóithre iarainn agus d'oibrigh sé go dian chun deireadh a chur leis an easaontas idir oibrithe agus fostóirí sa bhliain 1913. Ar ndóigh, thug na blianta a chaith sé san árasán an-tusicint dó ar shaol na mbocht i mBaile Átha Cliath ag an am.

Cuireadh a chéad dráma, *The Shadow of a Gunman*, ar an stáitse in Amharclann na Mainistreach sa bhliain 1923. Den chéad uair, léirigh an dráma sin saol na mbocht i mBaile Átha Cliath don phobal i gcoitinne.

An bhliain dár gcionn, tháinig *Juno and the Paycock* ar an stáitse – dráma a raibh baint mhór aige le Cogadh na gCarad, inar léiríodh an brón, an fhearg agus an fhuath a bhain leis an gcogadh tragóideach sin.

Thug Seán na cosa leis go Sasana lena bhean, Eileen, agus chaith siad an chuid eile dá saol in Torquay, Devon. Ba sa bhliain 1964 a d'imigh Sean ar shlí na fírinne.

cailleadh = fuair bás suarach = ainnis
ar an trá fholamh = dealbh *destitute*
Cogadh na gCarad – an Cogadh Cathartha
The Civil War

Obair duit



- Aimsigh roinnt pictiúr de na tionóntáin (*tenements*) i mBaile Átha Cliath idir 1900 agus 1920 agus taispeáin don rang iad.
- An raibh tú ag dráma in amharclann riamh? Ma bhí, labhair leis an rang faoin amharclann agus faoin dráma a chonaic tú.
- Scríobh alt faoi Chogadh na gCarad.

Oíche Shamhna i nDoire

1 Tá clú agus cáil ar chathair Dhoire le roinnt blianta anuas mar gheall ar Fhéile na Samhna ann. Ní hamháin go mbíonn an fhéile is mó in Éirinn i nDoire Cholmcille um Shamhain, ach is í an fhéile is mó san Eoraip í!

2 Deirtear gur cuireadh tús leis an bhFéile áirithe seo sna hochtóidí. Tharla go raibh roinnt daoine istigh i dteach tábhairne sa chathair agus iad gléasta suas le haghaidh Oíche Shamhna. Tharla sceimhle buama agus bhí ar na ragairneálaithe dul amach ar an tsráid agus a gcuid deochanna leo. An bhliain dár gcionn, ghlac Comhairle na Cathrach seilbh ar an gcóisir agus tháinig *Derry Halloween* ar an saol!



3 Bhí 145,000 cuairteoir i nDoire don fhéile sa bhliain 2019 agus, cé go bhfuil buiséad níos lú ag lucht eagraithe na féile i mbliana, táthar ag súil go mbeidh scata mór daoine gléasta suas ar shráideanna Dhoire um Shamhain. An cheist mhór, ar ndóigh, conas a bheidh a fhios agat an difear idir daoine faoi bhréigéide agus fíorthaibhsí?

Gluais

sceimhle = scanradh mór ragairneálaí *reveller*
bréigéide *fancy dress*

Líon isteach na bearnaí thíos

- clú agus ____ (Alt 1)
- an bhliain ____ gcionn (Alt 2)
- daoine faoi ____ (Alt 3)

Lyle, Lyle, Crocodile!

1 Nuair a bhogann Josh Primm agus a theaghlach go teach nua i gCathair Nua-Eabhrac, bíonn deacrachtaí ag Josh socrú isteach sa cheantar agus sa scoil. Athraíonn gach rud nuair a chastar Lyle air.

2 Tá fadhb ag baint le Lyle, áfach. Is crogall é. Ní mó ná sásta a bhíonn Mamaí Josh nuair a théann sí isteach sa seomra folctha agus nuair a fheiceann sí Lyle san fholcadán, á fholcadh féin! Míniúnn Josh di nach bhfuil dochar ann, áfach. Ní gnáthchrogall é Lyle. Is féidir leis canadh. Agus caitheann sé scairf!


3 Tá *Lyle, Lyle, Crocodile* bunaithe ar leabhar den ainm céanna a scríobh Bernard Waber sa bhliain 1965. Beidh an scannán le feiceáil sna pictiúrlanna in Éirinn ar 14 Deireadh Fómhair.

crogall *crocodile* **scairf** = **scaif**

Fíor nó bréagach?

- Bhog clann Primm go Londain. (Alt 1)
- Is gabhar é Lyle. (Alt 2)
- Beidh an scannán seo sna pictiúrlanna ar 14 Deireadh Fómhair. (Alt 3)

Crosfhocal beag duit!



Trasna

- 2 líon tí (9)
6 baile tábhachtach atá níos mó ná baile mór (7)
7 fadhb (9)
8 seomra _____, áit ina níonn duine é féin (7)

Síos

- 1 an deichiú mí, _____ Fómhair (8)
3 limistéar, réigiún, taobh tíre (7)
4 Rud a bhíonn le feiceáil i bpictiúrlann (7)
5 reiptíl chontúirteach a fheictear ina lán tíortha teo (7)

Freagraí ar an leathanach deireanach

Ellie Dixon

1 Is as Cambridge í an t-amhránaí, Ellie Dixon. Níl sí ach 23 bliana d'aois, ach tá clú uirthi cheana féin as a stíl phopcheol indie.



2 Ní hamháin gur amhránaí binn í Ellie, ach cumann sí agus léiríonn sí a cuid ceoil féin freisin – mar aon le réimse gléasanna ceoil a sheinm. D'eisigh sí *EP* anuraidh, darb ainm *Crikey! It's my Psyche*. Mar is léir ón teideal sin, baineann Dixon sult as an gceol agus geallaimse duit go mbainfidh tú féin sult as a cuid ceoil freisin!

3 Tá Ellie ag tabhairt faoina céad chamchuiart an fómhar seo. Beidh sí ag canadh san *Academy 2* i mBaile Átha Cliath ar 13 Deireadh Fómhair. Sin an t-aon cheolchoirm a dhéanfaidh sí in Éirinn i mbliana. Mar sin, más mian leat amhránaí úr ábalta a chloisteáil, is fearr duit do thicéad a cheannach anois!

léirigh = cuir in ord *produce* **réimse** = raon *range*
eisigh = cuir amach *issue*

Ceist agam ort!

- 1 Cén aois í Ellie Dixon? (Alt 1)
2 Cad is ainm don *EP* a d'eisigh sí anuraidh? (Alt 2)
3 Cathain a bheidh Ellie ag seinm in Éirinn? (Alt 3)
4 An bhfuil an popcheol ag éirí leadránach anois, dar leat féin?

Corn an Domhain 2022

Beidh Corn an Domhain ar siúl i gCatar an mhí seo chugainn. Más leantóir de chuid an tsacair thú, is é sin an áit le bheith. É sin – nó os comhair na teilifíse! Beidh ceann de na chéad chluichí ar siúl ar a deich a chlog ar maidin ar 21 Samhain, idir an tSeineagáil agus an an Ísiltír.



Cé nár cháiligh Poblacht na hÉireann le dul go Catar, tá tír Cheilteach eile san iomaíocht, mar atá an Bhreatain Bheag. Beidh na Breatnaigh ag imirt in éadan Shasana ar 29 Samhain. Gach seans go mbeimidne, Éireannaigh, ag tacú leis an mBreatain Bheag ar an lá sin!

Tá go leor foirne láidre eile sa chomórtas, amhail an Spáinn, an Ghearmáin agus, ar ndóigh, an Bhrasaíl. Beidh cluiche ceannais Chorn an Domhain ar siúl ar 18 Nollaig. Beidh le feiceáil cén náisiún a mbeidh bronntanas luath na Nollag acu!

amhail = mar, cosúil le

Fuascail na hanagrama Seo ón sliocht!
nroc na hamniod (Alt 1)
nsa mtohicóia (Alt 2)
hilcuec snacnaie (Alt 3)

Éire ar an Iarnród


1 Cé go bhfuilimid cleachta le hardú sa chostas maireachtála, chuaigh praghas rud amháin síos sa tír seo i mbliana, den chéad uair le beagnach 75 bliana. Costas iompair phoiblí atá i gceist agam!



2 Tá laghdú 20% tagtha ar a lán de na táillí ar bhusanna poiblí, ar thraenacha, ar an Luas agus ar an DART i mbliana. Is féidir níos mó airgid a shábháil arís leis an gCárta Leap i gcathracha agus i mbailte móra na tíre. Bainfidh daoine óga idir 19 agus 23 bliana d'aois leas as an laghdú is mó sa chostas iompair, áfach, mar tá laghdú caoga faoin gcéad ar na táillí a íocfaidh siadsan ar an gcóras iompar poiblí!

3 Ní hamháin go mbeidh tú ag sábháil do chuid airgid agus ag cosaint na timpeallachta nuair a thaistealaíonn tú ar an traen, ach beidh turais áille

romhat freisin. Is fiú triail a bhaint as turais traenach mar Bhaile Átha Cliath go Ros Láir, Corcaigh go dtí an Cóbh, Gaillimh go Luimneach, Baile Átha Cliath go Béal Feirste nó Doire go Cúil Raithin. Dúirt Michael Palin go raibh an turas ar chósta Chontae Dhoire thuaidh ar cheann de na turais traenach ab áille ar domhan!



Mála nó Éan?

1 “An éan é sin i do láimh?” Gach seans go gcuirfidh duine éigin an cheist sin ort má bhíonn an oiriúint is déanaí á hiompar agat, mar atá mála glaice agus cruth colúir air.

2 Ba dhearthóir ó na Sé Chontae, darb ainm Jonathan Anderson, a dhear an mála seo. Bhunaigh Jonathan a chomhlacht JW Anderson sa bhliain 2008 agus tá duaiseanna faisin buaite aige ar fud an domhain.

3 Rinne Anderson an mála le printéir 3T. Bogann tú sciathán an éin chun an mála a oscailt! Dúirt an dearthóir go raibh sé ag iarraidh ómós a thabhairt don cholúr, éan a mheastar faoina luach, dar leis. Más fíor dó, tá luach ard ar na málaí féin, mar cosnaíonn siad níos mó ná €770!

Gluais

oiriúint <i>fitting</i>	mála glaice <i>handbag</i>
cruth = cuma	colúr = colmán <i>pigeon</i>
dear <i>design</i>	dearthóir <i>designer</i>
ómós = meas mór	meas <i>evaluate</i>

Tasc duit!

Dear oiriúint nó ball éadaigh atá bunaithe ar éan nó ar ainmhí Éireannach. Déan iarracht rud éigin praiticiúil a dhéanamh. Cén saghas ábhair a mbainfidh tú úsáid as?

Autobahn

Tá cáil dhomhanda ar bhóthar amháin sa Ghearmáin. Tagann daoine ó chian is ó chóngar le tiomáint ar an débhealach áirithe seo atá os cionn 13,000 ciliméadar ar a fhad. Is é an príomhfáth atá leis seo ná nach bhfuil aon teorainn ar an luas ar chodanna áirithe den *Autobahn* sin



Cé go gceaptar gurbh é Adolf Hitler a chuir tús leis an smaoineamh, ní sa Ghearmáin a bhí an chéad *Autobahn* in aon chor, ach san Iodáil! Innealtóir darbh ainm Piero Puricelli a thóg an chéad bhóthar a tógadh go speisialta do charranna – agus tháinig innealtóirí ó áiteanna ar fud an domhain le breathnú ar an tsráid nua ó Milano go Brescia. Bhí baint mhór ag Gearmánach cáiliúil eile, Conrad Adenauer, le bóthar idir Cologne agus Bonn – agus ba uaidh sin a fuair Hitler an smaoineamh.



Sa bhliain 1938 thiomáin Rudolf Caracciola ag 432 chiliméadar san uair – an luas ba thapa riamh – ar an *Autobahn*! Tá 25% níos mó seans ar thimpiste ar na codanna den bhóthar nach bhfuil teorainn luais orthu. Fós féin, tá líon na dtimpistí a tharlaíonn ar an mbóthar íseal go leor. Ní hé sin le rá nach dtarlaíonn timpistí! Sa bhliain 2015 maraíodh Junior Malanda, imreoir óg peile ón mBeilg, i dtimpiste ar an *Autobahn*, mar bhí

tiománaí an chairr ag tiomáint go han-tapa – agus chaill sé smacht ar an gcarr. Bíonn an tsaoirse go deas, ach dainséarach chomh maith!

Obair bheirte

Cumaigí cúig cheist bunaithe ar an eolas thuas. Tugaigí na ceisteanna do bheirt eile sa rang le freagairt.

laoch n hlomána!



Buachaill ciúin cúthail ba ea Lar Corbett ó Dhurlas, Contae Thiobraid Árann. Rugadh é i mí na Bealtaine 1981. Nuair a bhí sé ina leaid óg, ba é an caitheamh aimsire ba mhó a thaitin leis ná a bheith ag bualadh sliotair i gcoinne balla le camán! Ní raibh mórán suime aige i dtraenáil, ach bhí sé an-sciliúil. In ainneoin gur chaill a chlub, Sáirséalaigh Dhurlais, craobh an chontae agus é naoi mbliana déag d'aois, d'iarr Nicky English air imirt le foireann an chontae.

Sa bhliain 2001 bhuaigh Lar Craobh na hÉireann le Tiobraid Árann agus bhí cúrsaí ag breathnú an-mhaith dó. Ach faraor, d'fhág Nicky English a phost mar bhainisteoir ar an bhfoireann. Idir easaontú le bainisteoirí eile agus fadhbanna le teannán na hioscaide, ní raibh mórán d'ádh ar Lar.

Sa bhliain 2008 tháinig Liam Sheedy isteach mar bhainisteoir agus chonaic sé an seans foireann a chur le chéile, le Lar Corbett mar chroílár na foirne. Bhí an ceart aige an ról sin a thabhairt dó agus cé gur chaill siad Craobh na hÉireann sa bhliain 2009, bhuaigh Lar a chéad *All-Star* an bhliain sin! D'éirigh leis dhá *All-Star* eile a fháil ina dhiaidh sin agus, chomh maith leis sin, bhuaigh sé Craobh na hÉireann arís le Tiobraid Árann sa bhliain 2010. Imreoir den scoth!

cúthail = faiteach *shy* **easaontú = titim amach**
teannán ioscaide *hamstring*

Cé mhéad de na nathanna thíos a thuigeann sibh? Tugaigí faoi deara go bhfuil an focal *balla* i ngach aon cheann díobh! An féidir libh na habairtí a scríobh ar bhealach eile?



- Bhí sé chomh maith agam a bheith ag caint leis an mballa.
- Chosain an balla sinn ar an tionóisc.
- Ní thagann an cairpéad agus na ballaí le chéile.
- Bhuaíl sé liathróid in aghaidh an bhalla.
- Tá balla timpeall ar an gcathair.
- Níor mhiste liom a bheith i mo chuil ar an mballa don chomhrá sin.
- Tá cáil ar Bhalla Mór na Síne.
- Tá an pictiúr sin san áit is feiceálaí ar an mballa.

Scil bhog?

Ní smaoineamh nua é labhairt faoi scil bhog, ach is téarma nua é atá ag fás go tapa i measc comhlachtaí móra ar fud an domhain. De ghnáth, tugtar post do dhuine le scileanna crua. Is éard atá

i gceist le scil chrua ná an t-eolas teicniúil. Is féidir scil chrua a mheas, ar nós matamaitice nó léitheoireachta. Faraor, ní féidir scil bhog a mheas!

Ciallaíonn scil bhog an cumas a bhíonn ag duine plé le daoine eile, iad féin a iompar i



gceart nó, fiú, dearcadh maith sláintiúil a bheith acu. Cé go bhfuil an scil chrua níos tábhachtaí do chomhlacht go bunúsach, tá an-ghá le scileanna boga ar mhaithe le hatmaisféar taitneamhach san ionad oibre.

Ach an féidir scil bhog a mhúineadh? An scil í a phiocaimid suas ón mbaile agus muid ag fás suas, an mbíonn sé ródhéanach agus muid i lár agallaimh don jab? Ar ndóigh, is cinnte gur féidir scil bhog a fhorbairt.

Rinne Google suirbhé mór, *Project Aristotle*, le déanaí – ag ceistiú daoine faoi na rudaí is tábhachtaí maidir le foireann mhaith. Chuir an toradh iontas ar a lán daoine. Sábháilteacht shíceolaíoch a tháinig amach mar an rud is tábhachtaí. Agus muid ag bailiú eolais agus ag fás go heolaíoch, bíonn sé riachtanach go mbeimis ag éisteacht agus ag déanamh cumarsáide i gceart lena chéile.

séard = is éard **síceolaíoch** *psychological*

Obair bhreise

Léigí na focail/frásaí ar an taobh deas sa ghreille thíos agus meaitseálaigí iad le focal/frása ar aon dul leo ar an taobh clé:

1	nua	A	ag foghlaim
2	ón mbaile	B	ag fiafraí
3	ag bailiú eolais	C	sinn
4	ródhéanach	D	ón teach inar tógadh muid
5	ag ceistiú	E	ródheireanach
6	a mheas	F	go hiondúil
7	muid	G	breithiúnas a thabairt
8	de ghnáth	H	úr

Cluastuiscint (CD1) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar.)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Ainmnigh an Roinn Rialtais a luaitear.	
Rud a bheidh ar siúl go luath?	
Céard a ullmhaítear gach bliain?	
Luaigh áit amháin inar féidir eolas a fháil.	

Fógra a Dó

- 1 Cad a bheidh ar siúl i mBéal Feirste?

- 2 Cathain a bheidh an ócáid ar siúl?

- 3 Luaigh an post atá ag Christina Black.

- 4 Ainmnigh an dá rud a bheidh ar siúl Dé Sathairn. _____

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- 1 Cár b as Nuala?

- 2 Cén aois Nuala?

- 3 Ainmnigh an ollscoil ina raibh Nuala.

An Dara Mír

- 1 Mínigh an plean a bhí ag Nuala.

- 2 Conas tá ag éirí le Nuala anois?

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

- 1 Céard a bhuaigh foireann Chiarraí?

- 2 Cathain a bhuaigh siad an comórtas sin den uair dheireanach? _____
- 3 Cén chaoi ar imir foireann na Gaillimhe?

An Dara Mír

- 1 Cad a rinne Niamh le linn an tsamhraidh?

- 2 Cén tionchar a bhí ag na cuairteoirí ar shaol na háite? _____

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Ainm na háite i nDún na nGall	
An fhadhb a luaitear	
Cad chuige an ciste speisialta?	

Píosa a Dó

- 1 Cad faoi a bhfuil inní ar an Rialtas?

- 2 Luaigh rud amháin nach bhfuil smacht ag polaiteoirí air.

- 3 Cén post atá ag Paschal Donohoe?

Peataí

Tá fianaise ann, a thaispeánann go mbíodh madraí mar pheataí ag daoine chomh fada siar le 30,000 bliain ó shin. Seans gur ar mhaithe le cosaint nó mar chabhair ag fiach a bhíodh madraí á n-úsáid. Ach, chomh maith leis sin, is dócha go mbíodh comhluadar an mhadra tábhachtach freisin. Ar ndóigh, bhíodh cait an-mhaith mar chomhluadar leis, ach ba le breith ar luchóga agus ar fhrancaigh ba mhó a d'úsáidí iad.



Sa lá atá inniu ann bíonn fáilte roimh luchóga agus francaigh mar pheataí i go leor tithe. Cuireadh tús le faisean, le linn tréimhse na Victeoiriach, ainmhithe neamhghnácha a choinneáil mar pheataí – ainmhithe ar nós ioraí, ulchabhán nó fiú moncaithe. Bhí leabhar nó dhó ar fáil sa bhliain 1888, ag tabhairt comhairle do dhaoine faoin gcaoi ar cheart plé leis na peataí nua dána seo.

Is beag ainmhí anois nach bhfuil mar pheata ag duine éigin timpeall an domhain. Is ar éigean go bhfuil aon úsáid eile ag na créatúir ach ar mhaithe le comhluadar. Is beag comhluadar a bhíonn ag baint le hiasc in uisceadán ná le héan i gcás, ach toisc go mbíonn an t-ainmhí beo agus nach mbíonn smacht iomlán againn air, mar atá againn ar ríomhairí, b'fhéidir go mbíonn sólas éigin iontu dúinn.



Gluais

fianaise *evidence* fiach = seilg
comhluadar = cuideachta *company* iora *squirrel*
ulchabhán *owl* uisceadán = umar lán d'uisce
umar = tanc sólas = compord

Obair bheirte


Léigí na habairtí seo a leanas agus, i gcás gach ceann díobh, abraigí an aontaíonn sibh nó nach n-aontaíonn sibh leis an smaoineamh atá i ngach ceann díobh. Cuirigí fáth le gach freagra.

- Is é an madra an t-ainmhí is fearr mar pheata ag an duine.
- Ní chuireann sé iontas orm gur maith le go leor daoine cat mar pheata.
- Bheadh moncaí an-suimiúil mar pheata.
- Ní bheadh sé éasca luchóg a choinneáil mar pheata!
- Ceapaim gur peata iontach é iasc órga.
- B'fhearr liom mo ríomhaire ná peata ar bith!

Suim agat scríobh i nGaeilge?

Is cinnte go bhfuil go leor daoine óga sa tír seo go maith ag scríobh i nGaeilge. An duine díobh siúd tusa – nó an bhfeadfá cleachtadh a fháil ar genre a bhfuil suim agat ann? *Cleachtadh a dhéanann máistreacht*, a deirtear!

Seans maith nach bhfuil a fhios agat gur féidir leat cur isteach ar chomórtas agus deis agat airgead a bhuachan!



Tá comórtais liteartha an Oireachtais á reáchtáil sa tír seo le fada an lá. Creid nó ná creid, cuireadh tús leis na comórtais sin sa bhliain 1897. Is ea, bhí an chéad chomórtas ag Oireachtas na Gaeilge céad fiche is a cúig bliana ó shin! Bhí Dubhghlas de hÍde, an chéad Uachtarán ar Éirinn, i measc na n-iomaitheoirí sa chéad bhliain den chomórtas.

De ghnáth, roinntear na comórtais do dhaoine óga i ndá chuid – Roinn A, daoine faoi 16 agus Roinn B, daoine idir 16 agus 21 bhliain d'aois. Bíonn rogha leathan seánraí ann – aistí, iriseoireacht, scéalta, filíocht, gearrscéalta, greannáin agus scrípteanna do ghearrscannáin. I mbliana tá duaiseanna idir €100 agus €300 ar fáil.



125 bliana!

Cuireadh tús le hOireachtas na Gaeilge céad fiche is a cúig bliana ó shin. *Féile na nGael* a thugtar air uaireanta. Tagann daoine ar suim leo teanga agus cultúr na hÉireann le chéile ar feadh cúig lá ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus ag tús mhí na Samhna – agus bíonn spraoi, spórt, ceol, craic, caint is comórtais acu.

In Albain eagraítear *Am Mòd Naiseanta Rìoghail* dóibh siúd a labhraíonn Gàidhlig agus bíonn féile sa Bhreatain Bheag freisin ar a dtugtar an *Eisteddfod*.



Sna blianta tosaigh ba i mBaile Átha Cliath a bhíodh an tOireachtas ar siúl. Ón mbliain 1974 ar aghaidh eagraíodh i gceantair Ghaeltachta ar fud na tíre é, áfach. Faoin mbliain 1990 bhí oiread sin daoine ag freastal ar an bhféile nach raibh an lucht eagraithe in ann go leor ionad ná lóistín a aimsiú sa Ghaeltacht. Mar sin, reáchtáiltear an fhéile anois i gcathair nó i mbaile mór éigin sa tír. I mbliana beidh sé ar siúl i gCill Airne.

Chomh maith le hamhránaíocht, ceol, drámaíocht agus rince, bíonn rogha mhór imeachtaí agus pléaráca ar siúl ag an bhféile anois – ceolchoirmeacha, drámaí, oícheanta grinn agus seoladh dlúthdhioscaí, mar aon le cláir theilifíse agus raidió á gcaoladh beo



Gluais

pléaráca = craic

Fógraítear na torthaí san fhómhar gach bliain, ach bígí réidh agus cuirigí peann le pár don bhliain seo chugainn. Is féidir teacht ar chlár na gcomórtais ag www.antoireachtas.ie

aitheanta *accepted, recognised*
iomaitheoir = **iarrthóir** *competitor*
seánra *genre* **pár** *parchment*

Ceisteanna

- 1 An raibh eolas agat roimhe seo faoi na comórtais a luaitear thuas?
- 2 Cén genre is mó a bhfuil spéis agat ann?
- 3 An raibh iontas ort a chloisteáil go raibh Dubhghlas de hÍde ina iomaitheoir sa chéad chomórtas? Cén t-eolas eile atá agat faoi Dubhghlas de hÍde?
- 4 Cén roinn den chomórtas a bheadh oiriúnach duitse? Cén fáth?
- 5 Conas is féidir teacht ar chlár na gcomórtais do 2023?

Obair bhreise

Meaitseálaigí an t-eolas ar chlé thíos le heolas ar dheis.

1	Dubhghlas de hÍde	A	luach na nduaiseanna do dhaoine óga
2	Roinn A	B	an chéad bhliain a reáchtáladh comórtais an Oireachtais
3	san fhómhar	C	www.antoireachtas.ie
4	1897	D	an chéad Uachtarán
5	suíomh idirlín an Oireachtais	E	seánraí atá i gceist sna comórtais
6	aiste, gearrscéal, greannán	F	comórtas do dhaoine faoi 16
7	idir €100 agus €300	G	seanfocal
8	Cleachtadh a dhéanann máistreacht.	H	an uair a fhógraítear na torthaí

Blúiríní eolais!

- Ar chuala tu faoi Oireachtas na Gaeilge roimhe seo? Má chuala, roinn do chuid eolais le daoine eile sa rang.
- An dóigh leat gur reáchtáladh an tOireachtas gach uile bhliain ó 1897 ar aghaidh? An féidir leat teacht ar fhreagra cinnte (leid duit: tá eolas ar fáil ar Vicipéid (Wikipedia))
- An dóigh leat go dtugann na meáin go leor airde ar an Oireachtas? Cuir fáth le do fhreagra.
- An bhfuil tábhacht ag baint le féile a eagraítear trí mheán na Gaeilge, dar leat?



Obair bhreise

An féidir libh na hanagramaí thíos a scaoileadh? Tá siad ar fad bunaithe ar fhocail sa sliocht thuas.

chaioresta léife blaian oeb
llic arien ccraí ttssáie tínslóí
áaaélpce

Oíche Shamhna



Cuireann siopaí i gcuimhne dúinn nach fada uainn anois Oíche Shamhna. Tá feisteas bréige ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo a bheith ina ndiabhair, ina dtaibhsí, ina gcailleacha nó ina zombaithe. Thar aon ní eile, tá feisteas dubh ann. Gléasann idir pháistí óga agus daoine fásta suas don fhéile

bhliantúil ar an aonú lá is tríocha de mhí Dheireadh Fómhair.

Níl dearmad glan déanta ar na cluichí a d'imríte san am atá thart, áfach. Tá páistí ann, a bhaineann ardspraoi fós as iarracht greim a bhaint as úll a bhíonn ar crochadh ón tsíléal agus a lámha taobh thiar dá ndromanna acu.



Is radharc greannmhar é breathnú ar pháiste ag cur a chloiginn isteach i mbáisín uisce – nó fiú i mbáisín plúir – chun breith ar bhonn airgid.

Cluiche eile a mbíodh an-tóir air fadó ná cluiche na bhfochupán. Chuirte aghaidh fídlil ar dhuine agus leagtaí ceithre shásar os a chomhair. Bhíodh uisce i gceann amháin, bonn airgid i gceann eile, fáinne sa tríú ceann agus pis sa cheathrú ceann. Dá gcuirfeadh an duine a lámh san uisce, déarfaí go n-imeodh sé ar imirce. Ba shiombail é an bonn airgid de shaibhreas, an fáinne den phósadh agus an phis den bhochtanas.

Gluais

feisteas = culaith, éadach
cailleach *hag* **pis** *pea* **fochupán** *saucer*


Ceisteanna

1 Cén feisteas d'Oíche Shamhna atá feicthe agat sna siopaí?



- 2 Céard é do thuairim faoin bhfeisteas atá ar fáil?
- 3 An maith leat gléasadh suas Oíche Shamhna? Cén fáth?
- 4 Conas a chaithfidh tú féin Féile na Samhna i mbliana?

Crosfhocal daoibh!



Trasna

- 3 deamhan, ainspiorad as Ifreann (7)
- 5 amharc, feic (7)
- 9 píosa airgid déanta de mhiotal (4)
- 10 seanbhean ghránna (9)
- 11 H₂O (5)
- 13 féile bhliantúil, Oíche _____ (7)


Síos

- 1 _____ peile, _____ iománaíochta (7)
- 2 lán de ghreann, sultmhar (10)
- 4 sprid, gósta, arracht (7)
- 6 rud a bhíonn ar an gceathrú méar ag duine pósta (6)
- 7 sásar (8)
- 8 toradh milis nó searbh (3)
- 12 glasra beag glas (3)

Freagraí ar an leathanach deireanach

Milseog bhlasta

Mionbhruar úll



Tá an fómhar buailte linn agus úlla cócaireachta an-fhairsing. Seo duit, mar sin, oideas spéisiúil do mhionbhruar úll.

Cómhábhair

- 100 gram plúr bán
- 25 gram mín choirce
- beagán síolta (síolta lus gréine, chia nó seasamain)
- 80 gram margairín
- 80 gram siúcra bán nó donn
- 2/3 úll mhóra

Modh

Measc an plúr, an mhin choirce agus na síolta le chéile. Cuimil an margairín isteach tríothu. Cuir an siúcra leis an meascán.

Bain an craiceann de na húlla agus tóg amach na croíthe. Gearr na húlla ina slisín tanaí. Leag isteach i mias iad agus cuir spúnóg bhoird siúcra leo. Leath an meascán ar an mbarr, ach ná brúigh síos é!

Déan an chócaireacht san oigheann ag 200C/Gás 6.

Dáil amach é le huachtar, uachtar reoite nó iógart.

Bain sult agus súp as!

Gluais

mionbhruar úll *apple crumble*
oideas *recipe* **mín choirce** *oatmeal*
lus gréine *sunflower* **slisne = slis** *slice*
leath = spréigh amach

An Cailín Ciúin

Tá clú agus cáil anois ar an scannán fada, *An Cailín Ciúin*. Bunaíodh é ar an ngearrscéal, *Foster*, le Claire Keegan. Tugtar radharc ar an saol dúinn trí shúile cailín óig, a bhfuil saol an-suimiúil aici. Ceistítear a bhfuil i gceist le *teaghlach* ann freisin.

Bhí daoine ann a cheap nach n-éireadh leis an scannán toisc go raibh sé i nGaeilge. Is léir go raibh dul amú orthu, áfach. Tá an-tóir air, ní hamháin in Éirinn, ach thar lear freisin.

Tá seacht ngradam *IFTA* buaite aige cheana féin – faoi na teidil: stiúrthóir, aisteoir, eagarthóireacht, léiriú, cineamatagrafaíocht, dearadh agus scór úrnua.

Anuas air sin, roghnaíodh an scannán mar iontráil na tíre seo sa chatagóir scannán do ghradam Oscar. Ní gá a rá gur ábhar mór mórtais é sin do Cholm Bairéad, stiúrthóir an scannáin, agus don fhoireann chruthaitheach a d'oibrigh in éineacht leis.



Fógrófar gearrliosta 15 scannán don ghradam Oscar i mí na Nollag agus, am éigin ina dhiaidh sin, gearrfar an liosta síos go cúig cinn. Fógrófar na buaiteoirí agus bronnfar na gradaim ag searmanas in Hollywood i mí an Mhárta. Bímis ag súil, ní hamháin go mbeidh *An Cailín Ciúin* ar an liosta, ach go mbronnfar gradam ar an scannán mothúchánach seo atá tar éis dul i gcionn ar an oiread sin daoine.

Gluais

mórtas = bród **cruthaitheach** *creative*

searmanas = ceiliúradh *ceremony*

mothúchánach *emotional*

Obair daoibh

Cé mhéad focal is féidir libh a aimsiu i ngach ceann de na focail seo a leanas?

cinematagrafaíocht *buaiteoirí*
roghnaíodh *ceistítear* *fógrófar*



Toblinn snámha!

Ar éirigh leat dul cois farraige in Éirinn le linn na laethanta saoire? An raibh tú cróga go leor le dul ag snámh san fharraige? Gach bliain cailleann daoine an seans dul ag snámh, mar tá an cósta rófhada uathu nó níl aon linn snámha ná loch cóngarach go leor dá n-áit chónaithe.

Mar sin, roimh theacht an tsamhraidh smaoinigh Cumann Snámha na hÉireann ar phlean cliste – linn snámha shoghluaiste a lonnú i gceantar nach bhfuil linn snámha ar bith ann! Cuireadh suas an chéad struchtúr in ollphuball i nDomhnach Bat, Baile Átha Cliath ag tús mhí na Bealtaine. Líonadh é le 45,000 lítear uisce agus rinneadh é a théamh go 30 céim Celsius. Cuireadh isteach seomraí gléasta, mar aon le rampa agus gléas ardaithe – agus bhí sé réidh do na snámhóirí!



Gach trí mhí bogtar an linn snámha go ceantar nua agus, go dtí seo, tá muintir Dhomhnach Bat agus muintir Chill Mhantáin tar éis taitneamh agus tairbhe a bhaint as. Feicfear an linn snámha seo i Sligeach ar ball – agus i gCorcaigh go luath ina dhiaidh sin. Cuirtear ranganna snámha ar fáil ar maidin, um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine agus bíonn grúpaí pobail in ann an linn a thógáil amach ar cíos go príobháideach.

Bhronn an rialtas deontas ar Chumann Snámha na hÉireann chun an dara toblinn snámha a cheannach agus táthar ag súil go mbeidh ceann i ngach contae amach anseo. Tá an eagraíocht thar a bheith sásta leis an tionscadal, mar tugann sé deis do dhaoine snámh a fhoghlaim agus taitneamh a bhaint as an uisce ar bhealach sábháilte.

Gluais

toblinn snámha *pop-up swimming pool*

soghluaiste = móibíleach *mobile*

tionscadal *project*

Ceisteanna duit

1. An ndeachaigh tú cois farraige le linn an tsamhraidh? Cén áit?
2. An bhfuil snámh agat? Inis dom faoi sin.
3. An raibh tú ag caint le héinne a d'fhreastail ar thoblinn snámha an samhradh seo? Cén scéal a bhí ag an duine sin duit?

Nár laga Dia thú!

Comhghairdeas le Rut Larsson!

Is bean ón tSualainn í Rut, atá 103 bliana d'aois, ach tá cúis eile, seachas a haois, chun comhghairdeas a dhéanamh léi.



Rinne Rut léim pharaisiút tandaim os cionn Motala, cóngarach do chathair Stócólm ar 29 Bealtaine i mbliana! Is í Rut an bhean is sine chun an léim sin a dhéanamh agus is aici anois atá an churiarracht sa *Guinness Book of Records*. Ceangailte den pharaisiútaí, Joachim Johannson, a bhí Rut don léim sin.

Gan trácht ar ghaisce mar sin a dhéanamh ag an aois sin, úsáideann Rut siúlacán de ghnáth agus níl radharc na súl rómhaith aici ach oiread. Níorbh aon ionadh, mar sin, gur thug na meáin *Mamó dásachtach* uirthi!

Níorbh í seo an chéad uair do Rut a bheith sa spéir, áfach. Thosaigh sí ag paraisiútáil agus ag parafaoileoireacht nuair a bhí sí nócha bliain d'aois!

Tá cúigear páistí aici, naoi nduine dhéag de gharpháistí agus tríocha fionnó!

Gluais

curiarracht *record* **siúlacán** = áis **siúil** *rollator*
dásachtach = dána *audacious*
parafaoileoireacht *paragliding*
fionnó *great grandchild*

Freagair iad seo.

- Céard iad tréithe Rut, dar leat?
- An ndéanfá féin léim pharaisiúite? Cén fáth?
- An ndearna tusa nó aon ghaol leat rud cróga ar nós Rut?

Maha, an nuálaí

Bronnadh €10,000 ar Choláiste Nano Nagle, Luimneach a bhuí le dalta a bhuaigh an comórtas, Gradam *ETIM* (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus mata). Ní raibh ach naoi mbliana d'aois ag Maha Shahzadi nuair a tháinig sí go hÉirinn ón bPacastáin.



Anois agus í cúig bliana déag d'aois, tá aip forbartha aici, a chabráíonn le daoine a bhfuil lagú radhairc orthu siopadóireacht a dhéanamh go neamhspleách chun bia folláin a cheannach. Déanann an aip *Eataware* scanadh ar na lipéid agus tugann sé rabhadh má cheaptar go mbeidh éifeacht ag an earra ar fhadhbanna sláinte, mar shampla, diaibéiteas.

Bhíodh Maha i gcónaí faoi dhraíocht ag an eolaíocht agus is ball de chlub eolaíochta na scoile í. Ghlac sí páirt cheana féin in *SciFest*, in Institiúd Teicneolaíochta Luimnigh, agus i gComórtas na nEolaithe Óga. Tá an-suim aici sa teicneolaíocht a bhaineann le cúram sláinte agus ba bhreá léi staidéar a dhéanamh ar leigheas amach anseo.

Dar le Maha, ba cheart go mbeadh ní ba mhó cailíní bainteach leis na hábhair *ETIM*, le hathruithe a thabhairt isteach sna hábhair sin agus le ceannairí ban *ETIM* a thabhairt isteach i saol na hoibre.

Gluais

nuálaí *innovator* **folláin** = sláintiúil
a bhuí le *thanks to* **lipéad** *label* **rabhadh** *fógra*

Líonaigí isteach an t-eolas thíos, bunaithe ar an sliocht. Scríobhaigí na freagraí in bhur gcóipleabhair!

Ainm an dalta	
Ainm na scoile	
Ainm an chomórtais	
Méid na duaise	
Tír dhúchais an dalta	
An rud a d'fhorbair sí	
Suimeanna an dalta	
A rogha gairm bheatha	
Míniú ar ETIM	

Aip do Ghaeilgeoirí

Thuig Noreen Breen go raibh sí ag cailleadh deiseanna Gaeilge a labhairt le daoine eile mar nach raibh a fhios aici go raibh Gaeilge acu!



Smaoinigh sí ar phlean agus thosaigh sí ag déanamh taighde. D'iarr sí ar oibrithe siopa a raibh Gaeilge acu, suaitheantas a chaitheamh, a dúirt 'Labhair Gaeilge Liom'. Taobh istigh de choicís, thaispeáin an taighde a bailíodh gur labhair 3.6 chustaiméir Gaeilge leis na hoibrithe gach lá. Ansin cuireadh suirbhé ar *Survey Monkey* faoi aip a chruthú agus tháinig moltaí isteach ó dhaoine ar fud an domhain. Faoi dheireadh rinneadh an aip nua.

GaelGoer is ainm don aip sin agus ligeann sé d'úsáideoirí a fháil amach nuair a bhíonn Gaeilgeoirí eile thart timpeall orthu. Tar éis duit an aip a íoslódáil ar d'fhón póca, cuntas a chruthú agus do shuíomh a thabhairt, beidh tú réidh chun an aip a úsáid!

Tá ceithre phríomhghné ann. Leis an ngné *Lámha suas*, is féidir leat Gaeilgeoirí eile a aimsiú, nasc a chruthú leo agus comhrá a dhéanamh leo. Oibríonn an ghné *Comhrá* mar bhosca isteach. Tugann an ghné *Imeachtaí eolas* duit faoi rudaí atá ar siúl i do cheantar. Leis an ngné *Anseo*, is féidir le lucht gnó a chur in iúl dá gcustaiméirí go bhfuil siad sásta Gaeilge a labhairt leo. Agus is féidir aiseolas a chur ar *GaelGoer* freisin.

Mura bhfuil suim agat san aip, áfach, tá suaitheantas ar fáil, a deir *Labhair Gaeilge Liom*. Chun an suaitheantas a fháil sa phost, is gá cúig euro a íoc ar an leathanach *Go Fund Me* ar www.gaelgoer.ie

Gluais

taighde *research* **suaitheantas** *badge*

Ceisteanna le freagairt agat!

- Cad iad na haipeanna a úsáideann déagóirí na laethanta seo?
- Ar úsáid tú *Gaelgoer* riamh?
- Ón gcur síos ar na gnéithe (thuas), an dóigh leat go bhfuil na haipeanna áisiúil don úsáideoir?

Ní mar a shíltear...

Caithfidh mé a admháil go raibh an méid céanna sceitimíní orm is a bhí ar mo thuismitheoirí agus mé ag súil le laethanta saoire an tsamhraidh i mbliana. Tar éis a bheith sáinnithe sa bhaile ar feadh dhá bhliain, bhíos réidh go maith d'eachtraíocht nua. Bhíos bréan de mhuintir an tí ag casacht agus ag ligean sraoth timpeall orm agus ní bréag a rá go raibh fonn millteanach orm saoirse faoin aer a bhlaiseadh arís.

As go brách linn Satharn amháin, an carr lán go díon agus mise ina measc! Ní raibh gá le leath den stuif a pacáladh isteach, i mo thuairimse, ach le drochaimsir na hÉireann cheap sí féin go raibh gá le cotaí báistí, scáthanna fearthainne agus fiú buataisí rubair!

Tháinig an ghrian amach ar an turas, pé scéal é, agus mise a bhí sásta mo cheann a shá amach an fhuinneog, mo chuid gruaige ag eitilt sa ghaoth ar nós réalta éigin teilifíse! Bhí an tsaoire tosaithe agus spiorad na saoirse le brath cheana féin!

Bungaló álainn cois farraige a bhí faighte ar cíos aici féin agus rinne sí rogha mhaith. Bhí neart spáis ann – le gairdín cúil breá leathan, agus balla thart timpeall air. Cuma nua ar an troscán ar an bpaitió, bairbiciú gáis sa chúinne. Ó, bhíos ag tnúth go mór leis na hispíní agus na burgair a bheadh á n-ullmhú ansin! Seomraí dea-mhaisithe istigh le bolaithe nua i ngach aon áit.

Agus mo leaba! Ó, a thiarcais, ní fhaca mé a leithéid riamh. Chomh mór, chomh compordach, chomh cluthar. Bheinn ar mo sháimhín só san áit seo, gan dabht! Ach an rud a chuir barr maise ar an scéal domsa agus a tharraing deora uaim ná an babhla lán d'uisce sa chúinne le m'ainm féin air: Max!

Bhuf, bhuf!



Gluais

sceitimíní = áthas an domhain
sáinnithe = faoi ghlas, i ngaiste *trapped*
eachtraíocht = scleondar *excitement, adventure*
bréan de = dóthanach de *fed up with*
casacht *cough* **sraoth** *sneeze*
millteanach = uafásach
maisithe *decorated*
cluthar *cozy* **barr maise** *the best of all*

Ki o Rahi

Is ceann de na spóirt is mó ar domhan é an rugbaí. Tá cáil ar an gcluiche as a bheith crua, ach fós féin uasal. Tír amháin a sheasann amach i gcúrsaí rugbaí is ea an Nua-Shéalainn.

Ceaptar gur fear darbh ainm Charles Munro a chuir an rugbaí chun cinn sa tír sin.




Sular imir Munro rugbaí ar na hoileáin, bhí eolas aige ar chluiche eile darbh ainm *Ki o Rahi*, cluiche Maorach. Is spórt é atá beagnach ina mheascán de rugbaí agus liathróid láimhe. Tá go leor de scileanna an *Ki o Rahi* an-úsáideach sa rugbaí freisin. Tá na Maoraigh láidir, sciobtha agus aclaí ó nádur agus, ag deireadh an naoú haois déag, thosaigh siad ag léiriú dul chun cinn mór sa rugbaí.

Toisc gur spórt domhanda é rugbaí, thosaigh níos mó Maorach ag athrú ón *Ki o Rahi* go dtí an rugbaí. Tá stair an rugbaí lán de laochra a bhfuil dluthbhaint acu le cultúr na Maorach, daoine ar nós Jonah Lomu, Zinzan Brooke agus fiú James Lowe, an t-imreoir Éireannach.

Gluais

sciobtha = tapa **aclaí** = lúfar *fit*

Crosfhocal daoibh!






Trasna

- 1 cluiche, caitheamh aimsire (5)
- 5 an pláinéad seo, an _____ (6)
- 8 fios, aithne, tuiscint (5)
- 9 cumasc, rudaí trína chéile nó curtha le chéile (7)
- 10 áisiúil (9)
- 12 tír na Maorach, an Nua-_____ (9)

Síos

- 2 cluiche ina n-úsáidtear liathróid ubhach (6)
- 3 tapa (8)
- 4 nach mór, chóir a bheith (8)
- 6 píosa talún i lár uisce (6)
- 7 cluiche Éireannach, liathróid _____ (6)
- 11 lúfar (5)





Kateryna (Téacs an scéil) (Cuid a hAon)

Trí bliana déag d'aois a bhí Kateryna nuair a tháinig na saighdiúirí chuig an sráidbhaile beag, áit a raibh cónaí uirthi ó tháinig sí ar an saol. Chuala sí faoi shaighdiúirí roimhe sin, ach ní raibh aon cheann acu feicthe aici riamh. Chuir sí iontas san fhear óg a tháinig chuig doras an tí. Ní raibh sé mórán ní ba shine ná a deartháir, Stefan.

Leath miongháire cairdiúil ar bhéal an tsaighdiúra nuair a d'oscail sí an doras roimhe agus d'fhiafraigh sé di an raibh a hathair nó aon deartháir dá cuid sa bhaile. Sula raibh seans aici freagra a thabhairt, nocht Papa taobh thiar di. Leag sé a lámh ar ghualainn Kateryna, á stiúradh taobh thiar de, á cosaint.

“Dia duit, a dhuine uasail,” arsa an saighdiúir óg, an miongháire imithe óna bhéal. “Tá agamsa le cur in iúl duit go mbeidh cruinniú tráthnóna inniu sa halla pobail. Tá sé ordaithe do gach fear atá seacht mbliana déag d'aois nó níos sine a bheith ag an gcruinniú sin.”

Chrom Papa a cheann beagán. Ní aniar aduaidh a tháinig an scéal seo air. Le coicís anuas, bhí sé ag súil le scéal den chineál seo a fháil, ach anois agus é tagtha, líonadh le himní é. D'inis sé don saighdiúir óg go mbeadh sé féin agus Stefan ann gan teip agus dhún an doras.

“Cad é, Papa? Cén fáth a bhfuil cruinniú ann?”

D'fhéach a hathair ar Kateryna agus chonaic sí an bhuairt ina shuíle.

“Tá súil agam nach tada é, a thaisce. Ná bí buartha faoi.”

Rith na mílte ceist trí intinn na mná óige. Bhí scéalta cloiste aici faoin mbagairt ón oirthear.



Ba bheag eile a bhí ar bhéal daoine le seachtainí anuas, ach níor shíl sí riamh go dtiocfadh an trioblóid chuig a mbaile beag féin. D'fhill sí ar a seomra, shocraigh cluasáin uirthi féin agus luigh ar a leaba, an saighdiúir a tháinig chuig an doras ar a hintinn.

Dhúisigh an trup thíos staighre í tamall ina dhiaidh sin. Bhí fústar ar a máthair, í ag cruinniú earraí agus á gcur isteach i mála.


“Cad tá ag tarlú?” arsa Kateryna.

“Tá an cogadh orainn, a rún,” arsa Papa. “Beidh ortsa is ar do mháthair imeacht.”

Gluais

nocht = tar amach
aniar aduaidh ar = i ngan fhios do
tada = dada, faic
oirthear *east* **cluasán** *ear-phone*
trup = torann *fuss, fidgeting*

Katerina – Obair daoibh!



Éistigí leis an scéal á léamh ag an múinteoir agus sibh ag féachaint ar na pictiúir sa scéal grafach.

Freagraí na ceistanna seo a leanas.

- 1 Cén aois a bhí Katerina?
- 2 Cérbh iad na daoine a tháinig go dtí an sráidbhaile agus céard a bhí cloiste ag Katerina faoi na daoine sin cheana féin?
- 3 Tabhair píosa amháin eolais faoin bhfear a tháinig go doras an tí.
- 4 Cén cheist a chuir an duine sin ar Katerina?
- 5 Cad chuige ar chuir sé an cheist sin, i do thuairimse?
- 6 Conas a cuireadh deireadh leis an gcomhrá sin?

Cúpla tasc daoibh – obair bheirte

- Scríobhadh gach duine agaibh cuntas ar strainséir a tháinig go doras an tí sa bhaile.
- Léigí amach an cuntas sin dá chéile.
- Léadh gach duine agaibh do chuntas féin os comhair an ranga.

Cuir críoch leis an scéal seo thíos. (Alt!)

- Chuir mé iontas sa bhean óg a tháinig go doras an tí...

Ceistanna eile le freagairt!

- 1 “Nocht Papa taobh thiar di. Leag sé a lámh ar ghualainn Kateryna, á stiúradh taobh thiar de.” Cén fáth a ndearna Papa é sin, dar leat?

- 2 Cad chuige ar imigh ‘an miongháire’ ó bhéal an tsaighdiúra, dar leat?
- 3 Cad ba chúis leis an imní a bhí ar Papa?
- 4 Cad iad na scéalta a bhí cloiste ag Katerina cheana féin?
- 5 Cén fáth a raibh ‘fústar’ ar a máthair?
- 1 Cé atá sa phictiúr thuas, dar leat?



- 2 Cad tá á dhéanamh acu?
- 3 Conas a mhothaíonn siad anois, i do thuairimse?
- 4 An bhfuil aon smaoineamh agat faoin sórt saoil a bheadh acu anois? Tabhair cúis amháin le do fhreagra,
- 5 Cad iad na mothúcháin a bhí in aigne Katerina ag an bpointe seo sa scéal?
- 6 Ar chuir tú féin aithne ar aon duine ón Úcráin ó bhris an cogadh amach? Scríobh alt gairid faoin gcomhrá/teagmháil a bhí agat leis an duine sin.


teagmháil *contact*

Bígí ag caint!

Is bliain éagsúil, bliain dhúshlánach í an idirbhliain. Roghnaíodh cuid agaibh go speisialta chun an bhliain bhreise seo a dhéanamh, ach i scoileanna áirithe, ní raibh an dara rogha ag daltaí ach glacadh léi!

Seo deis iontach daoibh chun cur le bhur gcumas labhartha sa Ghaeilge. Ach tá sé riachtanach labhairt go minic sa teanga náisiúnta. Seo obair bheirte daoibh chun cur leis an obair thábhachtach seo.

Meaitseálaigí gach leagan ar chlé sa ghreille thíos le leagan atá ar aon bhrí leis ar an taobh eile. Úsáidigí foclóir más mian libh!



Léigí na habairtí thíos amach os ard agus freagraí beirt gach ceann díobh.

- 1 Cad is ainm duit?
- 2 Cén aois thú?
- 3 Cén dáta breithe atá agat?
- 4 An maith leat an idirbhliain? Tabhair cúis amháin le do fhreagra.
- 5 Ar tugadh rogha duit an bhliain seo a dhéanamh? Murar tugadh, céard iad do smaointe faoin mbliain atá romhat?
- 6 An bhfuil roinnt de do chairde ón tríú bliain sa chúigiú bliain anois?
- 7 Ar chuir tú aithne ar chairde nua sa rang seo go fóill?
- 8 Cé mhéad duine atá i do rang?
- 9 Céard iad na hábhair atá á ndéanamh agat i mbliana?
- 10 An bhfuil ábhair ar chúrsa na hidirbhliana nach bhfuil á ndéanamh ag aon rang eile sa scoil?
- 11 Cén t-ábhar is fearr leat? Cuir fáth nó dhó le do fhreagra.
- 12 Cad iad na teangacha atá á ndéanamh agat?
- 13 An mbeidh turas thar lear ag an rang idirbhliana?
- 14 An dóigh leat go mbeidh deis agaibh dul go dtí an Ghaeltacht? Ar mhaith leat é sin?
- 15 An raibh tú riamh sa Ghaeltacht? Má bhí, inis dom faoin gcaoi ar/nár thaitin sé sin leat.
- 16 An mbeidh tú ag dul amach ar thaithí oibre i mbliana? Cén obair ar mhaith leat a bheith agat?
- 17 An bhfuil gnó nó comhlacht curtha ar bun ag do rang? Inis dom faoi.
- 18 An bhfuil coiste gnó agaibh?
- 19 An bhfuil ról agat féin ar an gcoiste (bainisteoir, rúnaí, cisteoir)?
- 20 An ndearna tú aon tionscadal fós? Inis dom faoi thionscadal eile ar mhaith leat a dhéanamh.

1	céadainm	A	duine i bhfeigil airgid ar choiste
2	sloinne	B	ag díol earraí
3	dáta breithe	C	Oisín
4	an idirbhliain	D	an príomhdhuine ar choiste nó ar chomhlacht
5	Fraincis, Gearmáinis, Sínis, Gaeilge	E	Ó Murchú
6	líon daoine sa rang	F	teangacha
7	gnó	G	obair thaighde
8	cisteoir	H	an chéad lá d'Fheabhra dhá mhíle is a sé
9	bainisteoir	J	tríocha
10	tionscadal	K	an ceathrú bliain

Tuilleadh Gáire!

Dá mbeadh cúig bhurgar agat i lámh amháin agat agus cúig dheoch sa lámh eile, cad a bheadh agat? Lámha móra!



Cén fáth a raibh cuma bhrónach ar an leabhar mata?

Mar bhí a lán fadhbanna aige!

Cad dúirt an dalta sa séú bliain leis an dalta sa chéad bhliain?

Faic. Sheol sé téacs!

Bialann Karen

“Burgair iontacha agus seirbhís an-droch-bhéasach.” Is iad sin iad na rudaí a gheallann an suíomh idirlín atá ag *Bialann Karen*. Nach aisteach é!

Tá dhá bhialann déag den sórt céanna san Astráil agus i Sasana. Gealltar go mbeidh freastalaithe drochbhéasacha agus caint bhorb iontu. Is smaoineamh nua é seo chun ócáid ghreannmhar a dhéanamh de bhéile.



Ní scliúchas ar fad a bhíonn ar siúl sa bhialann ag Karen, áfach, mar baineann rialacha áirithe leis an iompar ann. Is gá do pháistí a bheith imithe ón mbialann roimh a cúig a chlog tráthnóna ag an deireadh seachtaine, mar shampla. Agus ní bhíonn cead ag aon duine barúlacha ciníocha ná gnéasaíocha a chur in iúl – ná tagairt a dhéanamh do chorpíomhá aon duine sa bhialann. Má bhristear na rialacha sin, iarrtar ar gach custaiméir ag an mbord sin an bille a íoc agus imeacht ón mbialann láithreach.

Maidir leis an mbiachlár, bíonn rogha ceithre bhurgar déag ar fáil don bhriceasta, mar aon le heití sicín, sceallóga, fáinní oinniúin, vaiféil, creatháin bhainne agus go leor eile.

Gluais

borb = garbh **scliúchas** = clampar
barúil = tuairim **ciníoch** racist
gnéasaíoch sexist **corpíomhá** = cruth fisiciúil
vaiféal waffle **creathán bainne** milkshake

Ceisteanna duit!

- 1 An mbeifeá féin sásta dul go *Bialann Karen*? Cén fáth?
- 2 Ar mhaith leat post a fháil ann?
- 3 Cad eile a chuirfeá ar an mbiachlár?

Ní mholfainn é!

Cheap Joshua Dodson, ocht mbliana déag d'aois, go raibh saol iontach aige agus go raibh sé thar a bheith cliste.

I mí an Mhárta ghoid sé carr *Vauxhall Astra* i Manchain, Sasana agus cuireadh toirmeasc iomlán tiomána air. Dhá mhí ina dhiaidh sin, i mí na Bealtaine, theastaigh uaidh dul ag goid arís! D'fhág sé a theach cónaithe agus ghoid sé carr eile, *Mitsubishi ASX*! Bhí sé sin sách dona, ach stop sé ansin ag garáiste chun an carr a líonadh le peitreal – agus d'imigh sé leis gan íoc as an bpeitreal!



Chuaigh na póilíní sa toir air agus chuardaigh siad teach a chailín. Thug duine acu faoi deara go raibh béirín ollmhór, timpeall cúig troithe ar airde, sa teach – agus go raibh rud éigin ait ag baint leis. Bhí an béirín ag anáilú! Cé a bhí i bhfolach istigh sa bhéirín, ach Joshua féin. Bhí sé tar éis an béirín a stróiceadh as a chéile ar chúl agus dul isteach ann! Gabhadh Joshua agus gearradh téarma príosúnachta naoi mí air!

Gluais

toirmeasc = cosc, bac **béirín** *teddy-bear*
Manchain *Manchester* **análaigh** *breathe*

Cuir na habairtí thíos san ord ceart (1 go 9)

A	Níor íoc Joshua as an bpeitreal.	
B	Tá Joshua i bpríosún anois.	
C	Chuaigh Joshua go teach a chailín.	
D	Ghoid Joshua carr <i>Vauxhall</i> .	
E	D'fhág sé a theach féin lá eile.	
F	Cuireadh cosc tiomána air.	
G	Ghoid sé carr <i>Mitsubishi</i> .	
H	Chuaigh sé i bhfolach i mbéirín.	
I	Chuaigh na póilíní sa tóir air.	

Freagraí ar an leathanach deireanach!

Oisín agus a Chomharsa!

Bhíodh sé de nós ag Daid cabhrú lena chomharsa bhéal dorais, a bhí aosta go leor. Le linn an tsamhraidh lomadh sé an féar sa ghairdín dó. San fhómhar scuabadh sé suas na duilleoga. Sa gheimhreadh ghlanadh sé an sneachta den chosán ar eagla go dtitfeadh an seanfhear. Bhíodh jab beag éigin le déanamh i gcónaí aige.

Tráthnóna amháin bhí Daid ag dul béal dorais chun boscaí bruscair an tseanfhir a chur amach don bhailiúchán maidin lá arna mhárach. Bheartaigh sé a mhac óg, Oisín, a thabhairt leis an uair seo.

Nuair a shroich Daid agus Oisín na boscaí bruscair, nár oscail an seanfhear an doras chun rud éigin a chur sa bhosca bruscair. Ba í sin an chéad uair riamh d'Oisín an seanfhear a fheiceáil díreach in aice leis. Bhí ionadh an domhain air fear chomh haosta sin a fheiceáil agus chuir sé an cheist díreach air.

“Cén aois tusa?” ar seisean.

Bhí náire an domhain ar Dhaid agus thosaigh se ag gabháil leithscéil leis an seanfhear. Rinne an

seanfhear gáire agus d'fhreagair sé go bródúil go raibh sé nócha is a dó bhliain d'aois. Ba dheacair d'Oisín figiúr chomh mór sin a thuiscint. Ní fhéadfadh sé é sin a chreidiúint! Ba ansin a chuir sé an dara ceist ar an seanfhear. “Ar thosaigh tú ag uimhir a haon?”

Tic Toc – Músaem an Ama

Má tá am le spárail agat, cén fáth nach dtabharfá cuairt ar mhúsaem nua atá ar oscailt i bPort Láirge. Músaem an Ama is ainm dó agus beidh cúpla uair an-taitneamhacha agat má théann tú ann.



Feicfidh tú uaireadóirí, cloig bhoird agus cloig urláir ón tréimhse 1685 go 1938. Beidh na soicindí ag ticeáil leo agus tú ag féachaint ar shamplaí ón Ostair, ón Ísiltír, ón Eilbhéis, ón Rúis, ón tSeapáin agus ó thíortha eile. Ní bheidh brú ama ar bith ort ar do chuairt, mar bíonn an Músaem ar oscailt óna deich go dtí a sé gach lá.

Bígí ag plé!

- An gcaitheann daoine óga uaireadóirí na laethanta seo?
- An gcaitheann tú féin uaireadóir?
- An bhfuil cloig agaibh sa bhaile? Cén áit?
- An mbíonn sibh in am don scoil gach lá?



Ná glac drugaí!

Tá an coileán béir donn a fuarthas i gcoill sa Tuirc ar ais arís ina thimpeallacht nádúrtha féin.

Agus an maor coille, Yazin Oztas, ag obair sa choill, tháinig sé ar an mbéar óg caite ina shuí go haimléiseach ar an talamh. Bhí an t-ainmhí bocht ag stánadh amach roimhe – agus beagnach ag teip air a anáil a tharraingt.



Thuig Yazin go raibh an béar i dtrioblóid agus, le cabhair ó oibrithe deonacha eile, d'éirigh leis an t-ainmhí bocht a chur isteach i gcúl truicailín. Ar aghaidh leo go dtí an tréadlia, a dúirt gur dócha gur ith an béar an iomarca meala ón gcrann ródaidéandróin. Rud an-bhaolach is ea an mhil, a chuireann eofóiria ar ainmhí ar dtús, ach, ina dhiaidh sin, drochthinneas agus, fiú, bás.



Súil againn go bhfuil ciall ceannaithe ag an mbéar sin anois!

Gluais

coileán béir *bear cub* **truicailín** *small cart*
aimléiseach = **ainnis** *miserable* **tréadlia** *vet*
deonach = **saorálach** *voluntary*
meala = **tuiséal ginideach de 'mil'** *honey*

Fuascail na hanagraim seo!

ilocl rcniuaítl álcencio riéb daltréia
ga áashntd nórdnéadiaórd
Freagraí ar an leathanach deireanach!

An dtig linn foghlaim ón Spáinn?

Ar oileán Gran Canaria na Spáinne tá athrú mór ar bun, atá ag cabhrú le caomhnú na timpeallachta. Tá crainn ag fás go flúirseach ar an oileán arís! Conas é sin, a deir tú? Tá a fhios ag an saol is ag a mháthair go bhfuil aeráid chrua in Gran Canaria – agus teasfach, solas láidir gréine agus tinte foraoise go flúirseach ann. Ar ndóigh, tharla dífhoraioisiú go forleathan thar na blianta de bharr na dtinte.

Sa bhliain 2020 tosaíodh ar thionscnamh *Niebla* chun ceo a bhailiú agus an t-uisce a fhaightear sna bailitheoirí a úsáid ar an talamh mórthimpeall. Is féidir le bailitheoir ceo amháin suas le 15,000 lítear uisce sa bhliain a bhailiú – agus is minic a chuirtear deich gcinn acu in aice a chéile. Is struchtúir nádúrtha iad a mhairfidh deich mbliana agus a sheasfaidh gaoth a shéideann ag 65 chiliméadar san uair!

Is é an t-athfhoraioisiú aidhm an tionscnaimh agus, faoi mhí an Mhárta 2022, bhí 6,000 crann curtha. Tá muintir an oileáin go mór i bhfabhar an tionscnaimh – agus an t-uisce á úsáid d'eallach, do thalmhaíocht agus mar uisce óil.

Anuas ar na buntáistí sin, táthar ag súil go mbeidh níos lú stoirmeacha deannaigh ar an oileán as seo amach – chomh maith le timpeallacht níos fóna.

Gluais

teaspach = **aimsir an-te**

dífhoraioisiú *deforestation* **tionscnamh** *project*
athfhoraioisiú *re-afforestation* **fóna** = **sláintiúil**
eallach *cattle* **stoirm dheannaigh** *dust storm*



- 1 Aimsigh téarmaí eile a bhaineann le cúrsaí timpeallachta.
- 2 Cén t-eolas atá agat faoi thriomaigh a tharla an samhradh seo?
- 3 Ar chruthaigh dea-aimsir an tsamhraidh fadhbanna i do cheantar féin? Cad iad?

Katie agus Eve

Scéal iontach d'Éirinn agus beirt bhan ar mhuin na muice tar éis dóibh bonn óir a bhaint amach i gCraobhchomórtais an Domhain sa phararothaíocht!



Tá naoi mbliana caite ag Katie George Dunleavy agus Eve McCrystal ag rothaíocht le chéile – agus thaistil siad go Quebec, Ceanada i mí Lúnasa 2022 chun páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtais an Domhain. Sa rás bóthair tandaim bhuaigh siad an bonn óir agus tháinig beirt Éireannach eile, Josephine Healion agus Linda Kelly, isteach sa tríú háit!

Rugadh Katie i Sasana sa bhliain 1981, ach bíonn sí in iomaíocht ar son na hÉireann. Chaill sí radharc na súl nuair a bhí sí aon bhliain déag d'aois agus, tar éis di freastal ar scoil speisialta, chuir sí an-suim sa spórt. Chaith sí roinnt blianta ag rámháíocht sular chas sí ar an rothaíocht, mar a bhfuil Eve ina píolóta aici. Is aoibhinn léi an tsaoirse a bhaineann leis an rothar agus mothú an luais a thagann leis.

Is as Dún Dealgan Eve, a rugadh sa bhliain 1978. Is ball den Gharda Síochána í. Níl sí cinnte an mbeidh sí ar an rothar tandaim le Katie i bPáras 2024, áfach. Deir sí gur spórt le hardfheidhmíocht í an phararothaíocht agus go mbeidh uirthi troid dá háit toisc píolótaí nua a bheith ag teacht isteach sa spórt.

Déanaigí taighde!

- 1 Cé hiad na laochra spóirt i do rang?
- 2 Cé hiad na laochra i do scoil?
- 3 Roghnaigh duine amháin agus scríobh cur síos ar ghaisce éigin atá déanta ag an duine sin.

Laoch an Luais

Bhris Israel Olatunde níos mó ná curiarracht amháin nuair a ghlac sé páirt sa rás craoibhe céad méadar i gCraobh Lúthchleasaíochta na hEorpa in Munich i mí Lúnasa. Ba é Olatunde an chéad Éireannach riamh a cháiligh don rás sin agus ba é féin a leag curiarracht



Éireannach nua síos nuair a chríochnaigh sé an rás in 10.17 soicind.

Bíodh is go raibh sé sa séú háit, thuig sé a ghaisce go maith, nuair a chuir sé brat na hÉireann thart timpeall air féin agus nuair a chuaigh sé ar a ghlúine ag guí i ndiaidh an rása. Dá mbeadh sé 0.4 soicind ní ba thapúla, bheadh bonn cré-umha buaite aige!



“Tá áthas an domhain orm a bheith anseo agus tá a fhios agam, cinnte, gur féidir liom feabhsú agus táim ag súil go mór leis sin,” a dúirt sé i ndiaidh an rása.

Níl Olatunde ach fiche bliain d'aois agus anois is é an fear is tapúla in Éirinn é! D'fhás sé suas i nDún Dealgan agus tá sé ag déanamh staidéir ar eolaíocht ríomhaireachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Comhghairdeas leis!

cáiligh *qualify* **curiarracht** *record*

ISRAEL OLATUNDE

Cum focail as ainm Israel thuas.
Freagraí samplacha ar an leathanach deireanach!

Fáilte romhaibh!

Bhí Paul Mescal agus a chailín, Phoebe Bridgers, sna meáin le déanaí, nuair a bhris an scéal go raibh siad chun teach a cheannach in iarthar Chorcaí, gar don scoil.



B'fhéidir go dtabharfaidh siad cuairt ar Shaoirse Ronan, a cheannaigh teach ocht gciliméadar síos an bóthar i mBéal an Dá Chab dhá bhliain ó shin.

God's Creatures is ainm don scannán is déanaí le



Paul Mescal, atá i ról an charachtair, Brian O'Hara. Tá cáil cheana féin ar Paul de bharr an róil a bhí aige sa tsraith *Normal People* (2020). Tá clú

bainte amach ag Phoebe mar amhránaí agus mar ghiotáraí.

Gluais

Béal an Dá Chab *Ballydehob*

Tasc agus Ceist duit!

- Ainmnigh roinnt réaltaí eile atá ina gcónaí in Éirinn.
- Cé hiad na lánúineacha óga eile atá go mór sa nuacht anois? Cén fáth?

Meiriceá ag glaoch!

Agus téarma nua scoile tosaithe in Éirinn, is ag tabhairt aghaidhe ar Mheiriceá a bheidh beirt chairde, Fódhla Ní Bhraonáin agus Aifric Ní Ghibne as Gaeltacht Chonamara. Fuair na cailíní scoláireachtaí spóirt chun freastal ar ollscoil i Meiriceá agus rugbaí a imirt ann. Is fiú \$50,000 an duine na scoláireachtaí.

Fillfidh Fódhla ar a cúrsa cuntasáíochta in Ollscoil Quinnipiac, Connecticut agus leanfaidh



sí ag imirt rugbaí le foireann na hollscoile sin. Tosóidh Aifric sa chéad bhliain in Ollscoil Springfield, Massachusetts. Déanfaidh sí staidéar ar Dhlí Coiriúil (*Criminal Law*) agus ar Shíceolaíocht.

Dar leo, níl rugbaí na mban ach tosaithe sna hollscoileanna sin agus tá gá le daoine óga chun rubgaí a spreagadh agus a fhorbairt iontu. Tá neart taithí le roinnt ag Fódhla agus Aifric, mar d'imir siad rugbaí cheana le foireann Chonnacht faoi aois agus le *Corinthians* na Gaillimhe. Is tríd an suíomh *First Point USA* a fuaireadar a scoláireachtaí.

Líonaigí na bearnaí anseo le heolas ón sliocht.

- 1 Beidh Fódhla agus Aifric ag dul go _____.
- 2 Ní íocfaidh na cailíní taillí ollscoile, mar fuair siad _____.
- 3 Tá staidéar á dhéanamh ag Fódhla ar _____.
- 4 Tosóidh Aifric sa _____ bhliain.
- 5 Imríonn an bheirt chailíní _____.
- 6 Is as _____ an bheirt acu.

Filíocht/Ceol

Mo chara buan
(Aistriúchán le Diarmaid Ó Tuama,
ar an amhrán Béarla, *My Forever Friend*, le
Charlie Landsborough)



Charlie Landsborough

Amantaí bíonn cuidiú éigin uainn uilig,
Níl seasamh aonair buan;
An seandúine, an duine óg an páiste beag
Nó rí 'na shuí faoi chumhacht.
Níl éinne beo a éalaíonn,
Táimid uilig mar aon;
Santaíonn gach neach cara cléibh,
Tá cara agam féin.

Curfá

'Sé sin mo chara buan,
Ó seo go lá an Luain,
Ón oíche dhubh go bun an tuar ceatha,
'Sé sin mo chara buan.

Fiú má thréigim é bíonn sé ag cuidiú liom,
Mar tá a ghrá go buan.
Fiú is mé ag éalú uaidh bíonn sé liom –
Le gach aon anáil uaim.
Amantaí ní smaoiním air,
Imíonn an snas dem' luan,
Amantaí ní dílis mé,
'S fós ní 'míonn sé uaim.

Muna dtuigeann tú cé 'tá i gceist agam,
Ba chóir duit ceist a chur;
Blianta fad' ó shin in airde ar an gcrois
D'fhulaing sé go mór.
Más mian leat bualadh leis, ar ndóigh,
Is muna fios cén chaoi,
Iarr air teacht isteach id' chroí
Is beidh sé leat a-choích'!

Gluais

buan = seasmhach *permanent* santaigh *desire*
cara cléibh = dlúthchara neach = duine
snas = niamh *shine, sheen* luan = fáinne solais *halo*
tuar ceatha = bogha báistí a-choíche = go deo

Eolas faoin gCumadóir

Is amhránaí, cumadóir agus ceoltóir é **Charles Alexander Landsborough**, a rugadh sa bhliain 1941. As Wrexham, sa Bhreatain Bheag é, ach chaith sé cuid mhór dá shaol ar an stáitse in Éirinn. Ceol tuaithe agus ceol tíre is mó a thaitníonn leis.

Ba sna seachtóidí a thosaigh sé ag ceol go proifisiúnta, ach ba sa bhliain 1994 a tháinig cáil idirnáisiúnta air den chéad uair – leis an amhrán, *What Colour is the Wind?*

Is in Éirinn, san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus sa Bhreatain Mhór is mó atá clú bainte amach aige.

Gluais

ceol tuaithe *country music* ceol tíre *folk music*

An tAmhrán seo

Amhrán Críostaí is ea é seo, ina labhraíonn an cumadóir faoin ngrá atá aige dá chara buan, Íosa Críost.

Is féidir leat an leagan Béarla a chloisteáil má dhéanann tú gúgláil ar [My Forever Friend - Charlie Landsborough on The Late Late Show](#). Feicfidh tú agus cloisfidh tú beo é ar RTÉ1!

Ceisteanna duit

- 1 A bhfuil i gceist le *Santaíonn gach neach cara cléibh*, sa chéad véarsa, a mhíniú i d'fhocail féin.
- 2 Tá a grá go buan. Mínigh an líne sin.
- 3 Tabhair gearrinsint ar a bhfuil i gceist ag an gcumadóir sna línte seo a leanas:
*Más mian leat bualadh leis, ar ndóigh,
Is muna fios cén chaoi,
Iarr air teacht isteach id' chroí
Is beidh sé leat a-choích'!*

Cúpla tasc duit!

- Scríobh alt gairid dar teideal, *Tá ré na Críostaíochta thart in Éirinn*.
- Mura gcreideann tú féin sa Chríostaíocht, scríobh alt faoin bhfealsúnacht atá agat féin.

Ríomhphost chuig Aoife!

An Mhurúch Bheag

A Aoife, a chara,

Beatha agus sláinte!

B'éigean dom scríobh chugat! Tá an mhurúch bheag ag teacht ar ais!

Beimid ábalta féachaint ar *Ariel* arís mar a d'fhéachaimis ar an seanleagan di le linn ár n-óige.

Is í Halle Bailey atá mar *Ariel* an t-am seo – sa leagan nua den scannán cáiliúil a tháinig amach den chéad uair sa bhliain 1989. Beidh an scannán linn ar 26 Bealtaine 2023. Tá mé ag súil go mór leis.



Ar mhaith leat teacht liom go Baile Átha Cliath an lá sin? Déanfaimid píosa siopadóireachta, íosfaimid i dTigh Nando agus féachfaimid ar an scannán le chéile ansin san *Omniplex*? Inis

dom má bhíonn spéis agat ann!

Tá súil agam go bhfuil gach rud eile go maith leat. Cuir glaoch orm go luath!

Do chara,

Béibhinn.

Gluais

b'éigean dom = bhí orm
murúch = maighdean mhara *mermaid*
glaoch = glao

Deireadh leis an Idirbhliain

A Dhiarmaid, a chara,

Conas tá ag éirí leat na laethanta seo san idirbhliain? Níor scríobh mé chugat le tamall mar gheall ar mo shaol a bheith chomh gnóthach sin ó thosaigh mé ag tabhairt aghaidhe ar chúrsa na hArdteiste!

Slán le laethanta sona na hidirbhliana agus fáilte roimh obair bhaile, scrúduithe seachtainiúla agus staidéar laethúil. Cár imigh mo chuid saoirse? Ní stopann an obair ó dhubh go dubh. Is mór an t-athrú é ón mbliain seo caite, dáiríre. Tá mé in éad leat anois!



Bhí idir bhrón agus iontas orm nuair a d'imigh an Bhanríon Eilís ar shlí na fírinne an mhí seo caite. Bhí ardmheas agam uirthi ó tháinig sí go hÉirinn sa bhliain 2011 agus ó chuir sí tús lena hóráid le cúpla focal Gaeilge. Is dóigh liom go raibh go leor tionchair chun na maitheasa aici ar chúrsaí idir Éire agus na Breataine ina dhiaidh sin. Tháinig na sluaite amach chun tacaíocht a thabhairt don teaghlach ríoga nuair a bhí an tórramh agus an tsochraid ar siúl. Bhí gach rud le feiceáil sna meáin chumarsáide. An bhfaca tú féin é? Céard a cheap tú?

Ghlac mé féin sos ón staidéar roinnt seachtainí ó shin. Thapaigh mé an deis dul in éineacht le m'athair go Páirc an Chrócaigh. Cé a chonaic muid ann ach rí an cheol tuaithe é féin – Garth Brooks!

Inseoidh mé an fhírinne duit! Níl mórán suime agamsa sa cheol tuaithe, ach thaitin an ócáid go mór liom. Bhí sé cosúil le bheith ag róidió nó rud éigin mar sin. Bhí an áit dubh le daoine agus hataí bhuachaillí bó á gcaitheamh acu. Bhí focail na n-amhrán ar eolas acu uilig. Oíche den chéad scoth ba ea í, gan dabht. Agus ba dheas an rud é am a chaitheamh le m'athair liom féin. Creideann sé gur réalta iontach é Garth Brooks – agus b'fhéidir go bhfuil an ceart aige!



Is fada uaim laethanta na hidirbhliana anois. Déan cinnte de go mbainfidh tú ardsult as an mbliain, mar imíonn an t-am go tapa. Cá mbeidh sibh ag dul an mhí seo? An bhfuil aon ábhar nua á dhéanamh agat? Cé mhéad duine atá i do rang? Cá ndéanfaidh tú an taithí oibre? An bhfuil tú sásta a bheith san idirbhliain? An raibh mórán daltaí nach bhfuair áit san idirbhliain i do scoil?

Tá súil agam go mbuailfidh le chéile go luath. Bí cinnte go gcuirfidh tú iarratas isteach ar chúrsa B sa Ghaeltacht an samhradh seo chugainn. Beidh mé féin ag seoladh m'iarratais chucu an tseachtain seo.

Beir gach bua!

Eoin.

Gluais

ríoga = **ríúil** *royal* **tórramh** = **faire** *wake*
sochraid = **tionlacan coirp chun na huaighe** *funeral*
ceol tuaithe *country music* (**ceol tíre** *folk music*)
óráid = **aitheasc** *speech, address* **róidió** *rodeo*

Bealach éalaithe?



Bealach éalaithe atá sna meáin chumarsáide, dar liom – éalú ón mbrú, ón strus, ón saol, ón uaigheas. Bíonn slí éalaithe á lorg ag déagóirí, ach cruthaíonn an t-éalú sin fadhbanna eile. Cén fáth a bhfuil greim docht ag an éalú bréagach seo ar dhaoine óga sa tír?

Stanann daoine óga áirithe air ó mhaidin go hoíche. Cuireann sé imní, brón, éadóchas agus frustrachas orthu – cén fáth nach leanann níos mó daoine mé? Cad a dhéanfaidh mé chun leanúnaithe nua a fháil an tseachtain seo? Conas a bheidh an t-am agam le freagraí a thabhairt ar na teachtaireachtaí seo ar fad? Is cinnte go bhfuil ré na dtionchar sóisialta buailte linn.



Cén meán is fearr libh? Déanaigí suirbhé ranga! Cá mhéad díobh a úsáideann *TikTok*, *SnapChat* nó *Instagram*? Cé acu an ceann is coitianta? Cén fáth a bhfuil déagóirí na tíre gafa leis na haipeanna seo? An fadhbanna iad na haipeanna seo nó buntáistí nua atá tagtha isteach sa saol seo? B'fhéidir gur dul chun cinn atá iontu? B'fhéidir gurb iad an todhchaí?

Gluais

bealach éalaithe = **slí amach** *escape route*
leanúnaí *follower* **gafa** = **tugtha do** *addicted*

Freagraí!

Cúinne na Gramadaí
Leathanach 2

Uimhreacha

- 11 trí charr déag
- 12 sé phost déag
- 13 dhá fhéasta dhéag
- 14 seacht n-aiste dhéag
- 15 aon mhadra dhéag
- 16 seacht mála dhéag
- 17 ceithre dhuine dhéag
- 18 cúig éan déag
- 19 ocht dteach déag
- 20 naoi n-asal déag

Orduimhreacha

- 1 sa chéad áit
- 2 an tríú duais
- 3 an dara háit
- 4 an seachtú muinteoir
- 5 den dara huair



Crosfhocal

Lyle, Lyle, Crocodile leathanach 10



Tráth na gCeist

- 1 Éire, deirtear
- 2 Po
- 3 2,600 ciliméadar
- 4 Strongbow
- 5 Áitainmneacha, logainmneacha
- 6 Liam Neeson
- 7 An tSeapáin
- 8 Saghsanna bó
- 9 An Úcráin
- 10 Contae Thiobraid Árann

Crosfhocal

(Oíche Shamhna – leathanaigh 18)



Crosfhocal

(Ki o Rahi – leathanach 22)



Ní mholfaínn é!

A	B	C	D	E	F	G	H	I
5	9	7	1	3	2	4	8	6

Anagram – Ná glac drugaí!

coill, trucaíln, coileán béir, tréadlia,
ag stánadh, ródaidéandrón

Laoch an Luais!

(Freagraí samplacha)

an, ar, ard, asal, dara, daor, dear, deas,
deis, deor, deora, is, las, le, leat, leis,
luisne, nead, rosta, seal, sil, síol, tar,
te, teas